



An Bhruiséil, 12 Márta 2022  
(OR. fr)

6976/22

---

---

**Comhad Idirinstitiúideach:  
2021/0433(CNS)**

---

---

**FISC 62  
ECOFIN 200**

## NÓTA

---

ó:	Coiste na mBuanionadaithe (Cuid 2)
chuig:	An Chomhairle
Ábhar:	Treoir maidir le híosléibhéal domhanda cánachais a bhunú do ghrúpaí ilnáisiúnta san Aontas <i>Cur chuige ginearálta</i>

---

## I. RÉAMHRÁ

1. An 8 Deireadh Fómhair 2021, tháinig Creat Cuimsitheach ECFE/G20 maidir le creimeadh an bhoinn agus aistriú brabúis ('an Creat Cuimsitheach') ar chomhaontú i dtaca le hathchóiriú a dhéanamh ar na rialacha idirnáisiúnta maidir le cáin a ghearradh ar bhrabúis na bhfiontar ilnáisiúnta. Chuir Ballstáit uile an Aontais in iúl go dtacaíonn siad leis an Ráiteas maidir le Réiteach Dhá Cholún chun aghaidh a thabhairt ar na dúshlán chánach a eascraíonn as digiteáil an gheilleagair. Sna conclúidí uaithe an 27 Samhain 2020, chuir an Chomhairle a tacaíocht leanúnach d'obair an Chreata Chuimsithigh in iúl<sup>1</sup>.

---

<sup>1</sup> 13350/20.

2. Tá an cánachas íosta éifeachtach ('colún 2' den athchóiriú seo) bunaithe den chuid is mó ar dhá riail a bheidh le cur i bhfeidhm sa dlí náisiúnta ('rialacha GloBE') – an riail maidir le cuimsiú ioncaim (IIR) agus an riail maidir le híocaíocht faoi thearc-cháin (UTPR) – a bhfuil sé mar aidhm leo a áirithiú go ngearrfar cáin ag ráta éifeachtach 15 % ar a laghad ar bhrabúis a dhéanann grúpaí ilnáisiúnta a bhfuil láimhdeachas EUR 750 milliún nó níos mó acu. De réir Ráiteas mhí Dheireadh Fómhair ón gCreat Cuimsitheach, ba cheart Colún II a thrasú sa dlí in 2022, chun go dtiocfadh sé i bhfeidhm in 2023, agus táthar ag súil go dtiocfaidh riail UTPR i bhfeidhm in 2024.
3. Chun a áirithiú go mbeidh cur chun feidhme rialacha GloBE comhleanúnach agus i gcomhreir le dlí an Aontais, agus bunaithe ar na Rialacha Samhla a ghlac an Creat Cuimsitheach an 14 Nollaig, thíolaic an Coimisiún Eorpach, an 22 Nollaig 2021, togra le haghaidh Treoir ón gComhairle maidir le híosléibhéal domhanda cánachais a bhunú do ghrúpaí ilnáisiúnta san Aontas Eorpach<sup>2</sup>. Leis an togra seo le haghaidh Treorach, a bhfuil sé mar aidhm leis Colún 2 a thrasú i ndlí an Aontais, leagtar amach na rialacha faoina gcuirfidh na Ballstáit cáin bhreise i bhfeidhm ar ioncam ísealchánach ó chomheintiteas aon ghrúpa náisiúnta nó ilnáisiúnta a thagann faoi raon feidhme an athchóirithe.
4. I gcomhthráth, leanfar den obair ar chur chun feidhme na rialacha maidir le cearta cánachais a leithdháileadh idir dlínsí ('Colún 1'), i gcomhréir leis an bplean cur chun feidhme mionsonraithe arna fhorghas ag an gCreat Cuimsitheach chun coinbhinsiún iltaobhach a fhorbairt a bheidh ar oscailt le haghaidh a shínithe ó lár 2022 ar aghaidh d'fhonn é a chur chun feidhme ó 2023 ar aghaidh. Ag an gcruinniú a bhí acu ón 17 go dtí an 18 Feabhra 2022, d'athdhearbhaigh Airí Airgeadais an G20 go bhfuil siad tiomanta don tráthchlár sin.

---

<sup>2</sup> 15294/21.

## II. STAID NA hIMEARTHA

5. An 18 Eanáir 2022, bhí díospóireacht bheartais ag Comhairle ECOFIN maidir leis an togra le haghaidh Treorach,<sup>3</sup> d'fhonn treoir pholaitiúil a chur ar fáil maidir leis scrúdú teicniúil ar an téacs. Léiríodh sa díospóireacht go gcomhaontaíonn na Ballstáit uile gur tosaíocht í an tsaincheist seo agus nach mór na rialacha arna gcomhaontú ag Creat Cuimsitheach ECFE a thrasú i ndlí an Aontais ar an bealach is dílse is féidir agus a luaithe is féidir.
6. Ó thús mhí Eanáir 2022, agus an treoir ó na hairí á cur san áireamh, thionóil Uachtaránacht na Fraince 8 gcruinniú den Mheitheal um Cheisteanna Cánach (cánachas díreach, lena n-áirítear dhá chruinniú ardleibhéil) inar díríodh ar an scrúdú teicniúil ar an togra le haghaidh Treorach. Leis na cruinnithe seo, bhíodh in ann an méid seo a leanas a dhéanamh:
- (i) na rialacha atá sa Treoir a shoiléiriú, go háirithe na rialacha sin is gá chun a áirithiú go gcomhlíonfar dlí an Aontais le 'Colún 2';
  - (ii) foclaíocht an téacs a ailíniú go suntasach le foclaíocht Rialacha Samhla ECFE agus, i gcás inarb iomchuí, roinnt de na solúbthachtaí a choinneáil;
  - (iii) coigeartuithe a dhéanamh ar airteagail áirithe nó nithe a chur leo mar fhreagairt ar iarrataí maidir le cóineasú ó na Ballstáit, mar shampla maidir le breisiú cánach náisiúnta;
  - (iv) na príomh-shaincheisteanna atá fós le cinneadh ar an leibhéal polaitiúil a shainaithint d'fhonn teacht ar chomhaontú maidir leis an téacs ina iomláine.
7. Ag an gcruinniú a bhí ag Coiste na mBuanionadaithe an 9 Márta, bhí formhór na na mBallstát in ann tacú leis an téacs comhréitigh ó Uachtaránacht na Fraince cheana féin. Agus na barúlacha a tugadh á gcur san áireamh, scaip an Uachtaránacht téacs comhréitigh nua an 12 Márta (6975/22).

---

<sup>3</sup> 5015/22.

8. Maidir leis na leasuithe a rinneadh, tá an Uachtaránacht den tuairim go mbaintear cothromaíocht fhoriomlán amach a bhfuil glacadh ag na toscaireachtaí leo faoi réir comhréiteach maidir leis na saincheisteanna polaitiúla a leagtar amach i gCuid III thíos.

### III. NA PRÍOMH-SHAINCHEISTEANNA

9. Sa phlé a rinneadh ag na cruinnithe a bhí ag an Meitheal um Cheisteanna Cánach agus ag Coiste na mBuanionadaithe, tarraingíodh aird ar thrí shaincheist thábhachtacha de chineál níos polaitiúla nach mór a phlé ar an leibhéal sin.

#### *a) An nasc idir Colún 2 agus Colún 1*

10. Tá an Ráiteas ó ECFE/G20 an 8 Deireadh Fómhair 2021 bunaithe ar dhá cholún ar leith faoi réir módúlachtaí cur chun feidhme éagsúla i gcomhréir leis an bplean cur chun feidhme mionsonraithe arna fhorpheas ag an gCreat Cuimsitheach chun Coinbhinsiún Iltaobhach a fhorbairt freisin. Leis an iarraidh ó thrí Bhallstát teacht i bhfeidhm an dá cholún a nascadh le chéile, ionas go mbeadh teacht i bhfeidhm Cholún 2 ag brath ar theacht i bhfeidhm Choinbhinsiúin Iltaobhach lena gcuirtear chun feidhme Colún 1, ardaítear deacrachtaí dlíthiúla atá deimhnithe ag an gCoimisiún agus ag Seirbhís Dlí na Comhairle. Thairis sin, níl glacadh ag tromlach na mBallstát leis an iarraidh sin. Mar sin féin, mar a rinne an G20 le déanaí, ní mór don Aontas leanúint dá thiomantas polaitiúil a athdhearbhú maidir leis an obair ar an dá cholún a thabhairt i gcrích i gcomhréir leis an tráthchlár a leagtar amach i gcomhaontú an 8 Deireadh Fómhair 2021.
11. Chun an tsaincheist sin a réiteach, molann an Uachtaránacht go mbeadh ráiteas ón gComhairle ag gabháil leis an gcomhaontú maidir leis an togra le haghaidh Treorach lena n-athdhearbhófar tiomantas na mBallstát uile don phróiseas leanúnach i ndáil leis an gCreat Cuimsitheach a mhéid a bhaineann le Colún 1, i gcomhréir leis an tráthchlár maidir le cur chun feidhme a formheasadh i mí Dheireadh Fómhair 2021 agus ina n-iarrtar ar na Stáit eile is Páirtithe an tiomantas sin a chomhlíonadh. Leagtar amach téacs beartaithe an ráitis san Iarscríbhinn a ghabhann leis an nóta seo.

*b) An spriocdháta do thrasuí na Treorach agus do theacht i bhfeidhm na rialacha náisiúnta (Airteagal 55)*

12. An gealltanais polaitiúil a rinne na Ballstáit, trí thacú le Ráiteas an Chreata Chuimsithigh ina ndéantar foráil do thrasuí sa dlí in 2022 agus do chur chun feidhme iarbhir faoi dheireadh 2023, comhaontaíonn na Ballstáit gur gá an gealltanais a chomhlíonadh. Mar sin féin, measann roinnt mhaith Ballstát go gcruthófaí deacrachtaí suntasacha praiticiúla nó institiúideacha mar thoradh ar chur chun feidhme ón 1 Eanáir 2023.
13. Meabhraítear don Uachtaránacht gur thug na Ballstáit orthu féin go ndéanfaidís rialacha Cholún 2 a thrasuí sa dlí in 2022 le go dtiocfaidís i bhfeidhm in 2023. Cé go gcomhlíonfaí an chéad ghealltanais tríd an Treoir a ghlacadh, iarrann an Uachtaránacht go dtiocfaí ar chomhaontú maidir le teacht i bhfeidhm na reachtaíochta náisiúnta lena ndéanfaí an Treoir a thrasuí faoin 31 Nollaig 2023, ar a dhéanaí, i gcomhréir le Comhaontú ECFE.

*c) Cur i bhfeidhm éigeantach na rialach maidir le hioncam a áireamh (Airteagal 5 go hAirteagal 7)*

14. Murab ionann agus Ráiteas Polaitiúil an 8 Deireadh Fómhair 2021, foráiltear leis an togra le haghaidh Treorach go gcuirfidh na Ballstáit an riail maidir le hioncaim a áireamh i bhfeidhm ar bhonn éigeantach. Is mian le Ballstáit áirithe, áfach, go mbeadh cur i bhfeidhm na rialach sin roghnach.
15. Measann formhór mór na mBallstát go mbainfí an bonn de chur i bhfeidhm comhordaithe Cholún 2 sa mhargadh inmheánach dá gcuirfí maolú den sórt sin chun feidhme ar bhonn buan agus go gcruthófaí deacrachtaí do ghnólachtaí.
16. Na Ballstát sin nach bhfuil níos mó ná deich máthairchuideachta deiridh bunaithe iontu, molann an Uachtaránacht go bhféadfaidís, ar bhonn roghnach, tairbhiú de mhaolú idirthréimhseach, mar a leagtar amach sa téacs comhréitigh deireanach (Airteagal 47) agus molann sí nach mbeadh feidhm ag an maolú sin ach ar feadh tréimhse teoranta ama, atá le plé, idir trí bliana agus cúig bliana.

#### IV. NA CHÉAD CHÉIMEANNA EILE

17. Sa chomhthéacs sin, molann an Uachtaránacht an téacs comhréitigh a leagtar amach in 6975/22 mar bhonn don phlé ar an gcomhad seo, agus iarrann sí go réiteofaí na saincheistean a ndéantar cur síos orthu i gCuid III den nóta seo de mheon comhréitigh.
18. Iarrtar ar an gComhairle, dá bhrí sin, an méid seo a leanas a dhéanamh:
- na príomh-shaincheistean a leagtar amach i gCuid III den nóta seo a phlé;
  - teacht ar chur chuige ginearálta i ndáil leis an togra reachtach seo, ar bhonn an téacs comhréitigh a leagtar amach in 6975/22, d'fhonn an Treoir a ghlacadh, faoi réir tuairim ó Pharlaimint na hEorpa a fháil agus faoi réir athbhreithniú dlítheangeolaíoch ar an téacs;
  - an ráiteas atá le cur sna miontuairiscí, mar a leagtar amach san Iarscríbhinn a ghabhann leis an nóta seo é, a fhorghéas.
-

## Iarscríbhinn: dréachtráiteas ón gComhairle

Déanann an Chomhairle an méid seo a leanas:

ATHDHEARBHAÍONN SÍ tiomantas an Aontais don ráiteas maidir le réiteach dhá cholún chun aghaidh a thabhairt ar na dúshláin chánach a eascraíonn as digitiú an gheilleagair agus a phlean cur chun feidhme, a formheasadh i mí Dheireadh Fómhair 2021, agus IARRANN SÍ ar chomhaltaí uile Chreat Cuimsitheach ECFE/G20 um Chreimeadh an Bhoinn agus Aistriú Brabúis (BEPS) seasamh lena ngealltanais maidir leis an dá cholún;

TUGANN SÍ DÁ HAIRE go bhfuil aghaidh á tabhairt ag an Aontas, ó 2017 i leith, ar na dúshláin chánach a eascraíonn as digitiú an gheilleagair agus gur chuir an obair leanúnach atá á déanamh aige leis an gcomhaontú domhanda maidir leis an réiteach dhá cholún;

DEIMHNÍONN SÍ a tacaíocht leanúnach don obair a dhéantar i gCreat Cuimsitheach ECFE/G20 maidir le creimeadh an bhoinn agus aistriú brabúis agus tá sí tiomanta go hiomlán, laistigh den tréimhse ama a comhaontaíodh, an obair leanúnach maidir le gnéithe Cholún 1, lena n-áirítear an Coinbhinsiún Iltaobhach, ar cheart dó a bheith oscailte le haghaidh a shínithe i lár 2022 agus ar cheart dó teacht i bhfeidhm le linn 2023, a thabhairt i gcrích go rathúil;

CUIREANN SÍ I dTREIS go ndéanfaidh an Chomhairle, de réir mar is gá, athmheasúnú ar an staid maidir le Colún 1, i gcomhthéacs na hoibre atá á déanamh faoi láthair i gCreat Cuimsitheach ECFE maidir le creimeadh an bhoinn agus aistriú brabúis, d'fhonn teacht ar réiteach ar na dúshláin chánach a eascraíonn as digitiú an gheilleagair.